

# Eleathanach240

Dé Luain 26 Meán Fómhair 2016



Fáilte ar ais!




Fáilte ar ais ar scoil tar éis an tsamhraidh! Tá an Eleathanach ar ais freisin! Bainigí taitneamh as an nuacht ón Eleathanach i rith na bliana!

## XFactor

Tá an XFactor ar ais freisin. Is iad Nicole Scherzinger, Louis Walsh, Sharon Osbourne agus Simon Cowell na moltóirí. Bhí an clár teilifíse ar siúl Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh.

Beidh na cailíní agus na buachaillí ag dul chuig tithe na moltóirí an deireadh seachtaine seo chugainn. Tá gach duine ag labhairt faoi Emily Middlemas agus Ryan Lawrie. Tá Emily 17 bliain d'aois agus tá Ryan 20 bliain d'aois. Tá siad i ngrá!

Tá Emily ag obair le Simon agus tá Ryan ag obair le Nicole. Dúirt Ryan go raibh sé an-bhródúil as Emily nuair a chan sí ar an gclár inné. Go n-éirí libh ar fad!



## Baile Átha Cliath agus Corcaigh

Bhí Craobh na mBan sa pheil ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ag an deireadh seachtaine. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Corcaigh 1-7 ; Baile Átha Cliath 1-6.

Bhí an-áthas ar Fhoireann Chorcaí ach bhí díomá an domhain ar Fhoireann Bhaile Átha Cliath.

Scóráil Carla Rowe ó Bhaile Átha Cliath pointe sa 22 nóiméad ach níor ghlac an réiteoir leis an bpointe. Bhí go leor daoine ag gearán ach fanfaidh an scór mar atá sé.

## Matthew McConaughey

Is aisteoir é Matthew McConaughey agus tá sé bródúil gur as Éirinn a shinsir. Tá an-spéis aige sa Ghaeilge agus tá gaolta aige i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin.

Tá triúr páistí aige; Levi (8 mbliana d'aois), Vida (6 bliana d'aois) agus Livingston (3 bliana d'aois). Tá sé chun a chuid páistí a chur chuig an nGaeltacht nuair a bheidh siad sean go leor.

Tá suim ag Matthew i litríocht na Gaeilge agus ba bhreá leis dá léifeadh na páistí leabhair Ghaeilge. Maitiú abú!

